# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2017

## OIDEACHAS REILIGIÚNACH — ARDLEIBHÉAL

DÉ hAOINE, 23 MEITHEAMH — TRÁTHNÓNA, 2.00 go dtí 4.30

Líon Iomlán na Marcanna: 320

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

CAITHFIDH IARRTHÓIRÍ IAD SEO A LEANAS A FHREAGAIRT:

- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A hAON
- **DHÁ** CHEIST AS AONAD A DÓ
- CEIST **AMHÁIN** AS AONAD A TRÍ

# AONAD A hAON

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEIST **AMHÁIN** AS AN DÁ CHEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach ceist)**

## ROINN A CUARDACH BRÍ AGUS LUACHANNA

**Ceist 1.**

**Freagair a) agus b).**

a) i. Ainmnigh duine tábhachtach sa traidisiún daonnachach agus déan cur síos ar an gcur chuige a ghlac sé/sí maidir le cuardach an duine ar bhrí na beatha. (20 marc)

ii. Tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfaí breathnú ar chuardach an duine ar bhrí na beatha i ndéantán naofa a bhaineann le seanchultúr a ndearna tú staidéar air. (20 marc)



*(Foinse: gograph.com)*

b) Déan cur síos ar **dhá** shampla ina léirítear an tuiscint ar an bhfoilsiú diaga i mór-reiligiúin dhomhanda éagsúla sa chaoi ina gcaitheann na creidmhigh lena dtéacsanna diaga. (40 marc)

**Ceist 2.**

**Freagair a) agus b).**

a) *Cuireann daoine a gcuid tuairimí faoi Dhia in iúl ar bhealaí éagsúla:*

- AN EALAÍN

- AN SCANNÁNAÍOCHT

- AN CEOL


*(Foinse: ClipartFest & ClipartFox)*

Déan comparáid idir an tuiscint ar Dhia mar a chuirtear in iúl in íomhá nua-aimseartha í as ceann **amháin** díobh seo thuas agus an tuiscint ar Dhia atá le fáil in íomhá sheanbhunaithe as mór-reiligiún domhanda. (40 marc)

b) ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Déan próifíliú ar an gceangal idir an tuiscint ar an tarchéimnitheach/Dia agus an tuiscint ar an duine daonna i dteagasc **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda thuas. (40 marc)

## AONAD A DÓ

(160 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DHÁ** CHEANN DE NA TRÍ ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

## ROINN B AN CHRÍOSTAÍOCHT: A BUNÚS AGUS A CUR IN IÚL COMHAIMSEARTHA

**Freagair a) agus b).**

a) ● SOISCÉALAÍ (Matha nó Marcas nó Lúcás nó Eoin) ● JOSEPHUS ● PLINIAS ÓG ● NAOMH PÓL ● TACITUS

Déan comparáid idir an tábhacht a bhaineann le scríbhinní **beirt** díobh seo thuas mar fhoinsí d'fhianaise stairiúil gur mhair Íosa Nazórach. (40 marc)



(Foinse: Softkey Multimedia Inc.)

b) Tabhair breac-chuntas ar an tuiscint ar leith ar Íosa a leagann **beirt** údar i leabhair faoin gCríosteolaíocht béim uirthi do Chríostaithe an lae inniu. (40 marc)

## ROINN C REILIGIÚIN DHOMHANDA

**Freagair a) agus b).**

a) Déan próifíliú ar bhunús agus impleachtaí an chaidrimh idir an Chríostaíocht agus an Giúdachas agus bain úsáid as ceann **amháin** de na ceannteidil seo a leanas:

● TRAIDISIÚN CEILIÚRTHA ● POBAL NA gCREIDMHEACH (40 marc)

b) ◆AN BÚDACHAS ◆AN CHRÍOSTAÍOCHT ◆AN HIONDÚCHAS ◆AN tIOSLAMACHAS ◆AN GIÚDACHAS

Scrúdaigh cuspóir agus príomhchineálacha an idirphlé idirchreidmhigh idir **dhá** cheann de na mór-reiligiúin dhomhanda thuasluaite. (40 marc)

## ROINN D CINNEADH MORÁLTA A DHÉANAMH

**Freagair a) agus b).**

a) ● NA hEABHRAIGH ● NA GRÉAGAIGH ● NA RÓMHÁNAIGH

Tabhair breac-chuntas ar conas a bhí saincheist mhorálta ina cúis imní do bhaill **dhá** cheann de na seansibhialtachtaí thuas. (40 marc)



(Foinse: ClipArtBest)

b) Déan próifíliú ar conas a chuirtear in iúl cothromaíocht idir luachanna pearsanta agus luachanna pobail in **dhá** chairt éagsúla a ndearna tú staidéar orthu. (40 marc)

## AONAD A TRÍ

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SAN AONAD SEO.**

NÍ MÓR DUIT CEANN **AMHÁIN** DE NA CEITHRE ROINN SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

**(Tá 80 marc ag gabháil le gach roinn)**

### ROINN E REILIGIÚN AGUS INSCNE

**Freagair a) agus b).**

a) ● AN BHITHEOLAÍOCHT ● AN FHEALSÚNACHT ● AN tSÍCEOLAÍOCHT ● AN tSOCHEOLAÍOCHT

Pléigh an tionchar a bhí ag **dhá** cheann díobh seo thuas ar róil na bhfear agus na mban, róil atá ag athrú i sochaí an lae inniu. (40 marc)

b) ● BUNAITHEOIRÍ ORD RIALTA ● SCRÍBHNEOIRÍ REILIGIÚNACHA ● LEASAITHEOIRÍ SÓISIALTA ● SMAOINTEOIRÍ SPIORADÁLTA

Roghnaigh **beirt** bhan as catagóirí éagsúla atá luaite thuas, agus déan comparáid idir conas a chuir a gcuid oibre le forbairt a dtraidisiún reiligiúnach. (40 marc)

### ROINN F SAINCHEISTEANNA CÓRA AGUS SÍOCHÁNA

**Freagair a) agus b).**

a) ● CONAIR NA nOCHT RIAN DEN BHÚDACHAS ● AN FHÍS GHIÚD-CHRÍOSTAÍ DEN CHÓIR ● CEITHRE VARNA AN HIONDÚCHAIS ● ZAKAT AN IOSLAMACHAIS

Mínigh conas a d'fhéadfadh na creidiúintí reiligiúnacha a chuirtear in iúl in **dhá** cheann díobh seo thuas tionchar a imirt ar chreidmhigh le hoibriú ar son na córa sa lá atá inniu ann. (40 marc)

b) Déan próifíliú ar conas a léirítear i dteoiric 'an Chogaidh Chóir' go dtuigtear gur rud olc é an cogadh agus go ndéantar iarracht é seo a chothromú le prionsabal na féinchosanta. (40 marc)

### ROINN G ADHRADH, URNAÍ AGUS DEASGHNÁTH

**Freagair a) agus b).**

a) Tabhair breac-chuntas ar na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí idir an machnamh Críostaí agus an machnamh Búdaíoch agus bain úsáid as **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

i. Bunús an mhachnaimh mar chineál urnaí. (20 marc)

ii. Teicnící machnaimh a úsáidtear san adhradh. (20 marc)

b) Scrúdaigh an ról a bhíonn ag an deasghnáth agus an tsiombail sa tslí ina ndéantar 'sacraimint' a cheiliúradh in **dhá** shainchreideamh Chríostaí. (40 marc)

## ROINN H AN BÍOBLA: LITRÍOCHT AGUS TÉACS DIAGA

**Freagair a) agus b).**

a)
- AN CLAOCHLÚ (Marcas 9:2-13)
- AN tSEANMÓIR AR AN TALAMH RÉIDH (Lúcás 6:20-49)
- AN PHRÓLÓG (Eoin 1:1-18)

Cuir **dhá** cheann de na téacsanna thuasluaite ón Tiomna Nua i gcomparáid lena chéile agus bain úsáid as **gach** ceann de na ceannteidil seo a leanas:

i. An seánra/cineál liteartha. (20 marc)

ii. An bunchúlra/bunchomhthéacs. (20 marc)



*(Foinse: www.clipartkid.com.)*

b) Déan próifíliú ar an ról a bhíonn ag an gcritic atheagair sa staidéar ar na Soiscéil Shionoptacha. (40 marc)

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán